# An Pholaitíocht agus an Daonlathas i bhFine Gall, 1924-39




An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

libraries.fingal.ie

# An Pholaitíocht agus an Daonlathas i bhFine Gall, 1924-39



**Ionchomhartha Saorstát Éireann ar bhosca poist.**
Le caoinchead ó an Dr Declan Brady.

Saintréith de bhlianta tosaigh neamhspleáchas na hÉireann ba ea an gá a bhí ag an rialtas le Saorstát Éireann nua a thógáil agus a dhaingniú, agus é ag troid in aghaidh iarrachtaí na bpolaiteoirí áitiúla i bhFine Gall a neamhspleáchas polaitiúil agus a dtionchar polaitiúil a choinneáil. Ba i réim a bhí an deighilt pholaitiúil agus an naimhdeas pearsanta a tháinig as deighiltí Chogadh Cathartha na tréimhse 1922-23, as an iomaíocht pholaitiúil agus riaracháin idir an lár agus an t-imeall, eadhon, an rialtas náisiúnta agus an rialtas áitiúil, agus as na saincheisteanna gan réiteach a bhain leis an mbochtaineacht, leis an neamhionannas aicme agus le ceist na talún.

Le Local Government Act na bliana 1898, bunaíodh comhlachtaí údaráis áitiúil Chomhairle Chontae Bhaile Átha Cliath agus comhlachtaí údaráis áitiúil Chomhairle Thuath-Cheanntair Bhaile an Ridire agus Chomhairle Thuath-Cheanntair Bhaile Átha Cliath Thuaidh, a fochomhlachtaí. Leis sin, tugadh don lucht polaitíochta náisiúnachais i bhFine Gall ardán polaitiúil, ionadaíocht phoiblí bhríoch agus an tionchar agus an chumhacht a bhí ag gabháil le bainistíocht mhéadaithe a dhéanamh ar an riarachán áitiúil.

Mar thoradh ar shuaitheadh an Chéad Chogaidh Dhomhanda agus na tréimhse réabhlóidí, tháinig athrú as cuimse ar chineál agus substaint an chistiúcháin rialtais áitiúil, na hionadaíochta rialtais áitiúil agus an chaidrimh a bhí ag an rialtas áitiúil leis an riarachán náisiúnta. Leis an neamhspleáchas, cuireadh dinimic nua leis an gcaidreamh athraithe sin don saol polaitíochta i bhFine Gall, tráth a bhíothas ag déileáil le costais agus oidhreachtaí an chogaidh agus na réabhlóide.

Frank Lawless agus M. J. Derham, ceannairí polaitíochta áitiúla Shinn Féin tar éis na bliana 1917, níor mhair siad ar feadh go leor ama chun a dtionchar nó a gcumhacht a mhéadú. Fuair an bheirt acu bás gan choinne i dtimpistí faoin mbliain 1923.

Bhí blianta na 1920idí faoi rialtas Cosgrave ina ndúshlán i bhFine Gall, áit arbh í bochtaineacht an ghnáthstaid nua do mhórán daoine agus arbh í marbhántacht eacnamaíoch agus streachailt eacnamaíoch an ghnáthstaid nua don tromlach.

Ba ann fós don deighilt idir an lár agus an t-imeall sa riarachán rialtais áitiúil. Ó am go chéile, rinneadh bagairtí go lánscoirfí na comhairlí áitiúla. Bhí cistiú agus ciorruithe ar na príomhábhair phlé sa pholaitíocht áitiúil. Tháinig freasúra ní ba shuntasaí chun cinn nuair a tháinig Fianna Fáil isteach sa Dáil tar éis na bliana 1927. Dá bharr sin, tháinig géarú ar an dioscúrsa polaitiúil agus tugadh níos mó airde ar na saincheisteanna eacnamaíocha talúntais a bhain le rátáil talmhaíochta, le blianachtaí agus le taraifí. Scoilt an lucht polaitíochta comhairle áitiúla isteach ina ngrúpaí i bhfabhar an rialtais agus ina




ngrúpaí in aghaidh an rialtais, rud a chuir íocóirí rátaí in aghaidh leasanna na n-oibrithe.

Oidhreacht infheicthe inláimhsithe de chuid riail na Breataine ba ea an rialtas áitiúil. B'oidhreacht í sin a sholáthair feabhsuithe measartha agus doshéanta ar chaighdeáin mhaireachtála mhuintir Fhine Gall sa tsláinte phoiblí, sa tsláintíocht, sa tithíocht, sa soláthar leasa shóisialaigh agus san ionadaíocht áitiúil. Ba é rialtas áitiúil an tairseach chuig tionchar polaitiúil roimh neamhspleáchas, agus é ar an aon chineál rialtais a d'eispéiríodh a lán daoine. Ba é a ndaonlathas áitiúil é. D'éascaigh sé rochtain mheasartha ar chumhacht agus tionchar áitiúil agus, i gcás roinnt daoine, d'éascaigh sé rochtain ar an ardán polaitíochta náisiúnta. Le hathchóirithe na 1920idí, baineadh cuid den rochtain sin de dhaoine, agus cineál pholaitíocht áitiúil Fhine Gall á athrú dá réir.



**Frank Lawless**
Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

**Caidéal uisce Chomhairle Thuath-Cheanntair Bhaile an Ridire, Sráid an Droichid, Sord.**
Le caoinchead ó an Dr Declan Brady.



**Ag taobh uaighe Frank Lawless.**
Le caoinchead ó Chartlann RTÉ.

# Saorstát a Thógáil: dúshláin don rialtas áitiúil i bhFine Gall, 1924-25

**Saintréith phríomha den pholaitíocht áitiúil i bhFine Gall le linn Chogadh na Saoirse ba ea an ról ríthábhachtach a bhí ag comhaltaí tofa agus ag baill foirne araon ar chomhlachtaí áitiúla amhail Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath agus Bord Bardachta agus Comhairle Thuath-Cheanntair Bhaile an Ridire maidir le struchtúir riaracháin Bhriotanacha an rialtais áitiúil a fhorghabháil.**

I dtoghchán na bliana 1920, tháinig comhairlí nua a bhí faoi rialú Shinn Féin in ionad sheanscothaicme an Rialtais Dúchais. Bhí na comhairlí sin comhdhéanta de chomhaltaí tiomanta a d'fhógair dílseacht do Dháil Éireann agus dá straitéis mhíleata agus pholaitiúil chun neamhspleáchas a bhaint amach. Ar bhriseadh amach ón mBord Rialtais Áitiúla dóibh, chaill na húdaráis áitiúla a ndeontais chistiúcháin, bhí siad i mbaol dlíthíocht a fhulaingt as atreorú rátaí, agus chuir siad iad féin i mbaol gabhála nó díobhála trí dhoiciméid agus taifid a choinneáil siar ó fhórsaí na Corónach le linn ruathar agus cuardach.

Tharraing comhaltaí Chomhairle Chontae Bhaile Átha Cliath, Chomhairle Thuath-Cheanntair Bhaile an Ridire agus Chomhairle Thuath-Cheanntair Bhaile Átha Cliath Thuaidh riosca pearsanta suntasach orthu féin agus iad ag dearbhú a ndílseachta don Dáil agus bhí ról ríthábhachtach acu maidir leis na héilimh ar son neamhspleáchais a dhlisteanú, agus iad ag forghabháil údarás an Bhoird Rialtais Áitiúla, ag atreorú na rátaí agus ag dul faoi chiapadh míleata. B'íobairtí ní b'inmholta fós iad sin i bhfianaise an dearcaidh a bhí ag W. T. Cosgrave agus ag Kevin O'Higgins i leith polaiteoirí áitiúla agus i leith an rialtais áitiúil, ar dhearcadh é a bhí ag éirí ní ba dhímheasúla i gcónaí.

I gcás rialtas Chumann na nGaedheal, ba ghá athchóirithe struchtúracha cuimsitheacha ar an rialtas áitiúil a dhéanamh agus rialachas lárnach níos mó a thabhairt isteach chun an Saorstát nua a dhaingniú agus a thógáil. Bhí tuairim fhorleathan ann go raibh an t-éilliú polaitiúil ina rud coitianta ar an leibhéal áitiúil, áit a raibh caiteachas iomarcach agus líonra anásta struchtúr neamhéifeachtúil ag tacú le cultúr spleáchais. Bhí amhras ar an scothaicme polaitíochta náisiúnta nua faoi na naisc phobail agus na leasanna dílsithe a bhí ag céilí comhraic i measc na gcomhairleoirí áitiúla, ar nithe iad a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar trioblóide. Bhí athchóirithe ina mbagairt ar chumhacht agus tionchar sa pholaitíocht ar an leibhéal áitiúil agus tháinig teannas suntasach astu sin. Bhí an pholaitíocht chomhairle ina léiriú ar an teannas sin, ar dhúshláin eacnamaíocha agus shóisialta na bhfichidí agus ar an díomá nár sholáthair an neamhspleáchas gach a rabhthas ag súil leis.

De réir mar a tháinig Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath chun bheith ar an bpríomhfhóram le haghaidh dioscúrsa, tháinig laghdú ar thionchar na gcomhairlí tuathcheantair. Tháinig an ganntanas ionadaíochta áitiúla sa Dáil chun bheith ina ghné thábhachtach de fhrustrachas pholaitíocht Fhine Gall, agus mhéadaigh sé sin tábhacht na comhairle sin mar fhóram le haghaidh aon dioscúrsa áitiúil. Tháinig míshuaimhneas talúntais chun cinn an athuair, agus thosaigh saincheisteanna dífhostaíochta agus bochtaineachta ag teacht i réim laistigh de sheomraí an rialtais áitiúil agus lasmuigh díobh araon.

Ní raibh an timpeallacht polaitíochta sa bhliain 1924 ina timpeallacht éasca d'údaráis áitiúla, ós rud é go raibh foighne an rialtais le comhairlí contae agus ceantair nach raibh ag feidhmiú go sásúil ag dul i laghad. D'iarr an Roinn Rialtais Áitiúla go ndéanfaí na rátaí a bhailiú ar bhealach níos tapa, go laghdófaí bónais foirne, go ndéanfaí athbhreithniú ar íocaíochtaí pinsin agus go dtabharfaí barainneachtaí ginearálta isteach ar fud chaiteachas uile na gcomhairlí.

Bhí údar maith ag comhairleoirí áitiúla le bheith buartha faoina dtodhchaí sa pholaitíocht. Lánscoireadh roinnt údaráis áitiúla mar gheall ar dheacrachtaí airgeadais nó ar fhadhbanna polaitiúla, agus cuireadh coimisinéirí nó riarthóirí ar cheap an rialtas iad i mbun oifige ina n-ionad. Ina measc sin bhí Bardas Bhaile Átha Cliath agus Bardas Chorcaí agus cúig cinn déag de chomhlachtaí comhairle.


Ní raibh aon ghluaiseacht aontaithe ann a bhí ag cur in aghaidh an athchóirithe a bhí ar tí tarlú ar an rialtas áitiúil, toisc go raibh na comhairlí roinnte idir leasanna na n-íocóirí rátaí, na bhfeirmeoirí agus na ngnólachtaí ar thaobh amháin, ar dhaoine iad a bhí i bhfabhar an rialtais den chuid ba mhó, agus iad siúd a bhí ag déanamh ionadaíocht do leasanna agus leas na n-oibrithe ar an taobh eile. Bhí taobh amháin ag iarraidh níos lú airgid a chaitheamh agus bhí an taobh eile ag iarraidh níos mó airgid a chaitheamh. Tháinig easaontas polaitiúil chun bheith ina rud coitianta ar Chomhairle Chontae Bhaile Átha Cliath, agus an dá thaobh fhreasúracha ag baint leas as deiseanna chun beartais an rialtais a chosaint nó a cháineadh.

Leis an Acht Rialtais Áitiúla, 1925, cuireadh deireadh le comhairlí tuathcheantair mar aonaid riaracháin agus cuireadh boird sláinte agus chúnaimh in ionad boird bhardachta, cé gur cuireadh é sin siar i mBaile Átha Cliath go dtí an bhliain 1930. Leanadh den phróiseas a seoladh de réir a chéile chun Comhairle Thuath-Cheanntair Bhaile an Ridire a lánscor go héifeachtach. Nuair a fógraíodh torthaí thoghcháin áitiúla na bliana 1925, ní raibh ach seisear de na trí chomhairleoir is fiche ag an gcéad chruinniú de Chomhairle Chontae Bhaile Átha Cliath nua ag déanamh ionadaíocht do limistéar thuaidh an chontae. Ceathrú céid roimhe sin, ag na chéad toghcháin sa bhliain 1898, ba i limistéar Fhine Gall a bhí trian amháin de na comhairleoirí lonnaithe. Tháinig laghdú ar an limistéar ionadaíochta dírí go ceithre shuíochán de bharr athruithe daonra.



**11 Cearnóg Parnell (ar a dtugtaí Cearnóg Rutland tráth) in a raibh oifigí agus seomra comhairle ag Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath ó 1901 go 1975 nuair a bhog siad go 46-49 Sráid Uí Chonaill Uachtarach.**

Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall



BALROTHERY UNION

THE COST OF OUTDOOR RELIEF.

COAL CONTRACTS.

Mr. Seumas Geraghty, Local Government Inspector, opened yesterday a sworn inquiry at Balrothery Workhouse into the local administration of the Balrothery Poor Law Guardians and Rural District Council.

Mr. S. G. Rutherford, solicitor, Dublin, appeared for the County Dublin Branch of the Irish Farmers' Union. The Board's solicitor, Mr. Thomas Early, was in attendance. Mr. J. T. Healy, Local Government Auditor, was also present.

Mr. James Stack, Clerk to the Guardians,

**Teach Bocht Bhaile an Ridire, *The Irish Times*, 2ú Bealtaine 1923.**

Le caoinchead ó The Irish Times



**Bord Caomhnóirí Bhaile an Ridire agus foireann an mBord, thart ar 1925.**

Le caoinchead ó Bernadette Marks, Oidhreacht Sórd.

# An dífhostaíocht agus an bhochtaineacht: an pholaitíocht aicme i bhFine Gall, 1926-30



**Fothrach Teach na mBocht Bhaile an Ridire.**
Bailiúchán Benton/Curtis. Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall. and Archives.

Thar gheimhreadh na bliana 1925-26, chuir an dúlagar talmhaíochta agus praghsanna laghdaithe táirgí leis an bhfadhb dífhostaíochta i bhFine Gall, agus iarrataí ann an athuair go dtabharfaí scéimeanna oibre ar bhóithre isteach chun an cruatan a mhaolú d'oibrithe talmhaíochta. Mar thoradh ar ghrúpaí daoine dífhostaithe a bheith ag lorg éisteachta, d'iarr Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath ar na póilíní freastal ar a cruinnithe i gCearnóg Rutland.

Thosaigh Cumann Feirmeoirí Chontae Bhaile Átha Cliath (CDFA) ag tabhairt a thacaíochta do scéimeanna oibre, ar choinníoll nár mhó pá na n-oibrithe bóithre ná pá na n-oibrithe talmhaíochta. Ba le feiceáil ar bhóithre Fhine Gall a bhí an deighilt idé-eolaíoch idir beartais saormhargaidh an rialtais láir agus an fonn a bhí ar na comhairlí tacú le tionscnaimh fostaíochta agus iad a chistiú. Bhí dea-thaifead ann ar dhearcthaí mhuintir an rialtais:

**'Ní gnóthachan mór don tsochaí dhaonna iad daoine a tógadh i dtithe na mbocht. De ghnáth, is í maireachtáil ar chostas na n-íocóirí rátaí an aidhm is mó a bhíonn acu.'**

- W. T. Cosgrave, i gcomhfhreagras i scríbhinn le Austin Stack, Bealtaine 1921

**'Sílim gur dóigh gur sinne na réabhlóidithe ba choimeádaí a chuir réabhlóid rathúil i gcrích riamh'.**

- Kevin O'Higgins, Dáil Éireann, Márta 1923

**'Bhí an líon daoine a bhí ag súmaireacht ag méadú i gcomparáid leis an líon daoine a bhí ag iarraidh slí bheatha ionraic a shaothrú'.**

- James A. Burke, an tAire Rialtais Áitiúla, Dáil Éireann, Meitheamh 1924

Chuaigh an dífhostaíocht in olcas. Nuair a tháinig 200 fear pósta dífhostaithe, arbh as Sord dá bhformhór, i láthair ag cruinniú i dTeach Bocht Bhaile an Ridire i mí an Mheithimh 1926, bhí eagla ar dhaoine de na bardaigh. Thug P. J. Fogarty rabhadh go bhféadfadh réabhlóid ar a nós sin sa Pholainn tarlú mura dtabharfaí tacaíocht do na 'fir a bhí ag fáil bháis leis an ocras go mall'. An dearcadh sa rialtas agus i measc lucht ardbhainistíochta na státseirbhíse ba ea go raibh an rialtas áitiúil neamhéifeachtúil agus diomailteach, agus gurbh é a misean-san deireadh a chur le gach fadhb diomailte. Ní raibh Comhairle Thuath-Cheanntar Bhaile an Ridire in ann iasachtaí bainc a fháil seachas ó Bhanc Náisiúnta na Talmhan. Lean an banc sin, agus é ag obair i ndlúth-theagmháil leis an rialtas, de dhiúltú d'iasachtaí le haghaidh aon oibreacha nach raibh ceadaithe ag an roinn.

Chuaigh caidreamh na gcomhairlí leis an rialtas in olcas de réir mar a láraigh an rialtas an earcaíocht agus an soláthar. Dúirt Kevin O'Higgins, an tAire Dlí agus Cirt, gurbh iad 'fíniochas, logrolladh [cairdeas fabhair] agus éilliú le linn ceapacháin phoiblí a dhéanamh' ba chúis leis an reachtaíocht. Shéan na comhairleoirí na líomhaintí agus thug siad 'deachtóireacht' ar an roinn.

Ba ar shaincheisteanna áitiúla agus ar shaincheisteanna náisiúnta go cothrom a bhí an díriú in olltoghchán na bliana 1927. Thosaigh Patrick Belton an feachtas mar Náisiúnach Neamhspleách ach toghadh é ina Theachta Dála d'Fhianna Fáil. Ba é an t-aon Teachta Dála a bhí ag déanamh ionadaíocht do limistéar Fhine Gall é.

Nuair a maraíodh Kevin O'Higgins i mBaile Átha Cliath Dé Domhnaigh an 10 Iúil 1927, d'fhreagair an rialtas tríd an Acht chun Cosanta na Puiblíochta a thabhairt isteach, rud lenar neartaíodh cumhachtaí na bpóilíní agus lenar cuireadh iallach ar Theachtaí Dála Fhianna Fáil a suíocháin a ghlacadh nó iad a ghéilleadh. Ruaigeadh an tUas. Belton as Fianna Fáil toisc gur ghlac sé a shuíochán go luath chun vótáil in aghaidh bille blianachtaí.

Ghair W. T. Cosgrave toghchán eile i mí Mheán Fómhair, rud a mhéadaigh tromlach rialtas Chumann na nGaedheal. Tháinig athrú ar dhinimic na parlaiminte, áfach, agus méadú ag teacht ar iniúchadh an fhreasúra.

Ar an leibhéal áitiúil, mhéadaigh an Roinn Rialtais Áitiúla agus Sláinte Puiblí an brú a bhí ar na comhairlí a gcuntas a chomhardú agus caiteachas a rialú, tráth a bhí na hargóintí polaitiúla faoi chaiteachas laistigh den chomhairle ag dul i ndéine. Ní rabhthas in ann teacht ar réiteach chun sástacht na bpáirtithe éagóirithe uile. Ba é an toradh a bhí ar an ualach rátaí ar fheirmeoirí a laghdú gur laghdaíodh an caiteachas agus, dá bhrí sin, gur laghdaíodh na tacaíochtaí agus na faoisimh a bhíothas ag tabhairt don lucht oibre. Ní raibh aon mhéadú ar chistiú lárnach ná aon bhearta faoisimh ar fáil.

Faoi mhí na Nollag 1927, shiúladh grúpaí móra fear dífhostaithe go tráthrialta chuig seomra boird Theach Bocht Bhaile an Ridire chun argóint a chur faoi bhráid na gcomhairleoirí agus na mbardach a bhí ag freastal ar a gcruinniú comhairle coicísiúil tráthrialta, agus bhíodh teaghlaigh i gcruatan ag iarraidh seomraí a áitiú i dTeach Bocht Bhaile an Ridire, a bhí tréigthe faoin am sin. Bhí an líon daoine sa limistéar a bhí ag fáil faoiseamh cabhrach tinteáin breis agus dhá oiread an mheáin náisiúnta. Tar éis sraith sáinneacha maidir le cistiú, chuir an rialtas Comhairle Thuath-Cheanntar Bhaile an Ridire ar fionraí i mí na Bealtaine 1929 agus cuireadh deireadh léi an bhliain dár gcionn.



**Patrick Belton**
Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.



**Comhaltaí tofa de Fianna Fáil, 1927. Tá Patrick Belton an seachtú duine ó dheis sa tsraith lár.**
Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.




**Litríocht feachtais do P.J. Curran**
Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.



**Oibrithe bóthair i dTeach Sagard, Contae Baile Átha Cliath.**
Le caoinchead ó Bailiúchán Mary McNally i Leabharlanna Átha Cliath Theas.

# Ceisteanna Talún agus Saincheisteanna Talúntais



An agóid ag Feirm Hilltown i Sord, *Irish Independent*, 19ú Aibreán 1929.

Le caoinchead ó Chartlann Nuachtán na hÉireann

Ba mar gheall ar an méadú a bhí ag teacht ar phróifíl phoiblí náisiúnta Patrick Belton a spreagadh é chun páirt a ghlacadh in eagraíocht nua feirmeoirí, eadhon, Conradh na Talmhaíochta, a bunaíodh sa bhliain 1928. Ba ghrúpa neamhpháirtí é sin a bunaíodh chun tús áite a thabhairt do tháirgeadh méadaithe bia in Éirinn, agus ar an gcaoi sin mheallfaí feirmeoirí beaga agus oibrithe chun na heagraíochta. Ba bhagairt é sin ar Aontas Feirmeoirí na hÉireann, arbh eagraíocht ní ba choimeádaí é, agus ar Richard Butler, uachtarán an Aontais arbh as na Sceirí dó. Measadh iad a bheith róghar do rialtas Chumann na nGaedheal agus dá bheartas i bhfabhar onnmhairí beostoic.

### Cás Margaret Menton, 1929

Sa bhliain 1929, tharla eachtra láimh le Sord, Contae Bhaile Átha Cliath, a bhí cosúil le himeachtaí agus caint laethanta Chogadh na Talún sa tréimhse 1879-82. Léiríodh san eachtra sin na struchtúir aicme, na líonraí agus na deighiltí i gcúrsaí talúntais a bhí fós ag troid ar son an lámh in uachtar a fháil in Éirinn neamhspleách. Léiríodh inti freisin Tadhg an dá thaobhachas, an fonn chun deiseanna a thapú agus an cíocras talún a bhí ann ar gach leibhéal. Tugadh tuairiscí drámatúla sna nuachtáin ar agóid a rinneadh ag Feirm Bhaile an Chnoic, feirm 150 acra a bhí suite i mBaile Breacáin i Sord, in aghaidh Margaret Menton Uas., baintreach a raibh naonúr leanaí aici, a chur amach as a teach. Agus eastát Staples á dhiúscairt aige, bhí ordú eisiachtana faighte ag Coimisiún na Talún in aghaidh Margaret Menton, an tionónta. Agus caint Chogadh na Talún á hagairt acu, d'eagraigh Patrick Belton agus P. J. Kettle grúpa de chéad feirmeoir a raibh seasca céachta acu agus bhagair siad cuid den fheirm a threabhadh ar neamhchead do na Gardaí agus don ordú cúirte araon. Líomhain an tUas. Belton go raibh Coimisiún na Talún ag obair as lámh an tsealbhóra talún in aice láimhe, mar a bhí Harry Ussher as Teach Bhaile Breacáin, ar thraenálaí capall rása é. Chuir siad ina leith go raibh sé ag fáil na feirme lena húsáid mar raonta reatha capall.

Ní i mBaile an Chnoic a bhí cónaí ar Margaret Menton. Ina ionad sin, bhí cónaí uirthi i bPlás Blackhall i gCathair Bhaile Átha Cliath, áit ar reáchtáil sí an gnólacht déiríochta fairsing rathúil a fuair sí óna fear céile nuair a fuair sé bás sa bhliain 1925. Bhí ochtar de naonúr leanaí mhuintir Menton ag freastal ar scoil chónaithe, agus an bheirt bhuachaillí ag freastal ar Choláiste Choill Chluana Gabhann, ar choláiste mór le rá é. An fheirm i Sord, a raibh 200 bó dhéiríochta aici, bhí sí mar chuid de léas níos leithne agus bhí sí níos gaire do 200 acra san iomlán, de bhreis ar 100 acra eile a bheith ann i Seantrabh. Bhí breis agus £7,000 in iasachtaí ceannaigh talún faighte ag Margaret Menton cheana féin faoi achtanna talún roimhe sin agus bhí £3,000 ar a mhéad le fáil aici faoin Acht Talún, 1923. Ní raibh sí i dteideal ach an chuid de ar ina leith a bheadh £3,000 ar fáil in airleacain iasachta, agus dhiúltaigh sí an cúiteamh a tairgeadh i leith an chuid eile de. Chuir Coimisiún na Talún moill sé seachtaine ar an gcinneadh uaidh a eisiúint, ach ba í Margaret Menton an léas-sealbhóir cláraithe fós tráth a báis sa bhliain 1956.

### Saincheisteanna Feirmeoirí: Rátaí agus Blianachtaí

Nuair a baineadh rátaí de thalamh talmhaíochta go hiomlán sa Bhreatain sa bhliain 1928, bhí iarrataí ann go n-achtófaí reachtaíocht in Éirinn a mbeadh an éifeacht chéanna aici. Faoin mbliain 1930, de réir mar a bhí móiminteam ag méadú san fheachtas ar son taraifí cosantaíocha agus ar son moratóir ar íocaíochtaí blianachta, bhí an dírátáil i measc na n-éileamh agus na gcasaoidí a bhí ag feirmeoirí. Bhain Fianna Fáil leas as na saincheisteanna sin in olltoghchán na bliana 1932, agus ba shaincheisteanna feirmeoirí iad sin a bhí Patrick Belton ag saothrú ar feadh fhormhór na 1930idí. Ní raibh athdháileadh talún ina ábhar imní ach amháin dóibh siúd nach raibh aon talamh acu agus d'fheirmeoirí beaga neamh-inmharthana.

Chomhlíon Éamon de Valera an gealltanas uaidh gan blianachtaí talún a íoc le rialtas na Breataine, rud a chuir tús le cogadh trádála a mhair sé bliana agus a chuir isteach ar an bpríomh-onnmhairiú eallaigh bheo go háirithe. Bhailigh údaráis na hÉireann na blianachtaí fós ach choinnigh siad in Éirinn iad, agus bhí feirmeoirí i staid ina raibh siad ag cailleadh margaí onnmhairiúcháin ach ina raibh orthu blianachtaí agus rátaí a íoc fós.


I dtreo dheireadh na bliana 1932, chabhraigh Patrick Belton agus John Rooney ó Lusca le Cumann Náisiúnta na bhFeirmeoirí agus na nÍocóirí Rátaí a bhunú. Cé go raibh sé deighilte ón tús idir míleataigh agus measarthaigh, agus idir daoine a raibh spéis sa pholaitíocht acu agus daoine nach raibh aon spéis sa pholaitíocht acu, slogadh isteach é go gasta in Aontas Feirmeoirí na hÉireann, a bhí i ndroch-chaoi ag an am. Nuair a bunaíodh craobh Bhaile Átha Cliath, b'ábhar suntais é cé chomh hinfheicthe agus a bhí Lucht na Léinte Gorma. Sa deireadh thiar, slogadh Conradh na bhFeirmeoirí agus na nÍocóirí Rátaí isteach i bhFine Gael. Cé gur tugadh roinnt faoiseamh isteach leis an Acht Talún, 1933, ní dheachaigh sé fada go leor do Patrick Belton.



Co. Dublin Farmers Meet

P.J. Kettle i bpictiúr ag cruinniú feirmeoirí, Aibreán 1937, *Irish Independent*, 5ú Aibreán 1937

Le caoinchead ó Chartlann Nuachtán na hÉireann



The Farmer's Wife

YOU know that it is a HUNGER MARCH.

COSGRAVE

Will Reduce Taxation.

End the Economic War,

and bring back better Prices, Peace & Security.

VOTE FOR THE

CUMANN NA nGAEDHEAL CANDIDATES

IN THE ORDER OF YOUR CHOICE.

COSTELLO, John A., K.C.

DOCKRELL, Henry M.

ENNIS, James T., Co. C.

O'CONNOR, Batt.

O'CONNOR, Dr. John P.

O'SULLIVAN, Gearoid, B.L.

Bileog feachtas toghcháin Chumann na nGaedheal ó 1933 do thoghcheantar Chontae Bhaile Átha Cliath a bhí dírithe go sonrach ar fheirmeoirí agus a luaigh Cogadh Trádála Angla-Éireannach.

Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.



An bhean uasal Margaret Menton

Le caoinchead Mhuintir Menton.

# An Pholaitíocht Chomhairle



**Edward P McCarron, *The Irish Independent*, 11ú Meán Fómhair 1925**

Le caoinchead ó Chartlann Nuachtán na hÉireann.

Sa bhliain 1929, atoghadh Joseph A. O'Neill mar chathaoirleach ar Chomhairle Chontae Bhaile Átha Cliath. Tháinig Colm Lawless, mac Frank, chun bheith ar an gcathaoirleach nua ar Chomhairle Thuath-Cheanntar Bhaile an Ridire, agus é ag leanúint a athar agus a sheanathar isteach sa rialtas áitiúil. I mí Aibreáin, d'éirigh J. V. Lawless as a phost mar rúnaí do Chomhairle Chontae Bhaile Átha Cliath, tar éis do E. P. McCarron, rúnaí na roinne, imeachtaí coiriúla a thionscnamh maidir le neamhrialtachtaí líomhnaithe i gcoimeád táillí a bhain le hullmhú na liostaí vótálaithe sa bhliain 1923.

Rinne siad ionadaíocht do dhá thraidisiún pholaitiúla éagsúla in Éirinn: poblachtach a throid sa choimhlint ar son neamhspleáchais ba ea an tUas. Lawless, agus státseirbhíseach gairme a chomhlíon a dhualgais do na riaracháin bhunreachtúla roimh neamhspleáchas agus tar éis neamhspleáchais ba ea an tUas. McCarron. Tar éis sraith cásanna cúirte, atrialacha agus achomharc, ciontaíodh an tUas. Lawless sa bhliain 1931. Dhiúltaigh Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath a phinsean a íoc, agus ghabh sé air féin obair ar son leas Shean-Óglaigh Fhine Gall. Briseadh an tUas. McCarron as a phost sa bhliain 1936, tar éis easaontas leis an Aire Seán T. O'Kelly.

Leis an Acht Rialtais Áitiúil (Baile Átha Cliath), 1930, cuireadh deireadh leis na comhairlí tuathcheantair agus aistríodh a bhfeidhmeanna chuig an gcomhairle contae. Aistríodh na hiar-bhailtecheantair aontachtacha chuig an gcathair nó chuig buirg nua Dhún Laoghaire, a bhí mar chuid de Chomhairle Chontae Bhaile Átha Cliath fós. Maidir le Fine Gall, a bhí ina limistéar tuaithe ní ba bhoichte, bhí uirthi dul san iomaíocht fós leis na bruachbhailte saibhre cósta i mBaile Átha Cliath Theas, agus eagla uirthi go n-ionghabhfadh an chathair í.

Bhí comhairle nua na bliana 1930 roinnte go cothrom idir grúpaí rialtais agus grúpaí frithrialtais, agus John J. Shiel, ionadaí na bhfeirmeoirí, tofa mar chathaoirleach. Ní raibh ach seachtar comhaltaí ag déanamh ionadaíocht do leasanna réigiúnacha Fhine Gall, ach bhí an triúr comhaltaí ba bheoga agus ba bhríomhaire ina measc, eadhon, P. J. Curran (Páirtí an Lucht Oibre), Patrick Belton agus P. J. Fogarty (Fianna Fáil). Mura raibh guth ag Fine Gall sa Dáil, is cinnte nach raibh sé sin amhlaidh ar Chomhairle Chontae Bhaile Átha Cliath. Tháinig iomaíocht ríphearsanta ríghangaideach chun cinn idir an tUas. Fogarty agus an tUas. Belton, a bhíodh i lár an aonaigh sna himeachtaí. Ba thosaíochtaí eacnamaíocha iad tosaíochtaí an Uas. Belton. Chuireadh sé i leith an Uas. Fogarty go mbíodh sé ag filleadh i gcónaí ar ní prionsabail éigin maidir leis an tírghrá nó leis an bpoblachtachas.

## Tagann Éamon de Valera i gcumhacht, 1932

Ar a thoghadh, chuir an tUas. de Valera an tAcht chun Cosanta na Puiblíochta ar fionraí, chuir sé deireadh leis an mionn dílseachta, choinnigh sé blianachtaí talún siar, thug sé taraifí caomhnaitheacha isteach agus chónaisc sé oifig an tseanascail agus oifig an uachtaráin. Sa chéad óráid sa Dáil uaidh, chuir P. J. Curran in iúl na tosaíochtaí a bhí ag a lán gnáthvótálaithe, agus iad níos baintí leis an 'oibrí mí-ádhúil a bhí ag iarraidh bean chéile agus seisear leanaí a bheathú ar thicéad bia deich scilling agus a bhí ag lorg oibre' ná mar a bhí siad leis an mionn. Chaill sé a shuíochán i dtoghchán na bliana 1933, nuair a fuair an tUas. Belton a shuíochán ar ais.

Le hardú Fhianna Fáil chun cumhachta, tugadh muinín dá láithreacht páirtí mionlaigh ar Chomhairle Chontae Bhaile Átha Cliath de réir mar a tháinig an seomra chun bheith ina fhóram polaitíochta níos roinnte de réir a chéile. Léirigh siad na dúshláin a bhí roimh an daonlathas a raibh Éire ag déileáil leo sna 1930idí, amhail cineálacha éagsúla míshástachta polaitiúla nó eacnamaíche, lenar áiríodh Lucht na Léinte Gorma, Óglaigh na hÉireann, grúpaí imeallacha na heite deise agus na heite clé, agus gluaiseachtaí feachtais Críostaí. Bhí baint ag Patrick Belton le roinnt de na grúpaí sin, go háirithe Lucht na Léinte Gorma, rud a d'fhág go raibh an chuma ar a láithreacht i bhFine Gall níos mó ná mar a bhí sí dáiríre.

## Deighiltí, atreoruithe agus feachtais an Uas. Belton, 1933-38

Tháinig comhairle eile a bhí deighilte go mín as toghcháin áitiúla na bliana 1934, ach toghadh Patrick Belton mar chathaoirleach ag cruinniú teasaí seacht uair an chloig, post a bhí aige go dtí an bhliain 1938. Agus iad coinnithe amach as na coistí, lean comhairleoirí Fhianna Fáil de bhac a chur ar chúrsaí a mhéid ab fhéidir leo.


Tar éis d'Eoin O'Duffy éirí as mar cheannaire ar Fhine Gael i mí Mheán Fómhair 1934, d'fhan an tUas. Belton i dteagmháil le Lucht na Léinte Gorma agus le Cumann Feirmeoirí Chontae Bhaile Átha Cliath, agus é ag tógáil líonra ba líonra polaitíochta níos follasaí de theaghlaigh agus d'eagraíochtaí feirmeoireachta i bhFine Gall.

Bhí an chomhairle roinnte idir tosaíochtaí na bhfeirmeoirí agus tosaíochtaí na n-oibrithe agus idir cúnamh dífhostaíochta agus deontais talmhaíochta agus riaráistí blianachtaí. Faoin mbliain 1935, bhí na meáin ag díriú den chuid ba mhó ar 'chontúirtí an chumannachais agus cá raibh sé i bhfolach in Éirinn'. Bhí briseadh amach chogadh cathartha na Spáinne sa bhliain 1936 ina dheis do lucht leanúna an Uas. O'Duffy tús a chur an athuair lena gcúis idé-eolaíoch, agus bhí sé ina ardán do roinnt díobh a bhfeachtais pholaitíochta a shaothrú. Bhí Patrick Belton agus Fronta Críostaí na hÉireann chun tosaigh sa mhéid sin i bhFine Gall. Bhí tacaíocht chomh láidir sin acu ó fheirmeoirí móra go raibh eagla ar roinnt daoine go raibh sé ina fhronta eile do Lucht na Léinte Gorma agus d'Fhine Gael. Mar sin de, ghairtí 'Lucht na Léinte Gorma i mbréidín' de bhaill na heagraíochta sin.



**J.P. Fogarty le Foireann Peile Fingallians, 1932 (chun tosaigh ar chlé sa chóta)**

Le caoinchead ó Cumann Lúthchleas Gael Fingallians.




**Patrick Belton mar a bhí sé sa phictiúr ar litríocht thoghcháin Chumann na nGaedheal do Thuaisceart Chathair Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1933.**

Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.



**James V. Lawless.**

Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall

# Costais na 1930idí a chomhaireamh

Treisíodh an obair a bhí ar bun ag an Uas. de Valera chun an Conradh Angla-Éireannach a bhriseadh as a chéile le géarchéim thabhairt suas na corónach sa Bhreatain sa bhliain 1936, rud a réitigh an bealach do bhunreacht nua sa bhliain 1937. A bhuí le caibidlíocht leis an mBreatain, cuireadh deireadh leis an gcogadh eacnamaíoch sa bhliain 1938, tugadh na calafoirt chonartha ar ais agus cuireadh deireadh le híocaíochtaí blianachtaí ar chomaoin aonuaire £10m. Níor tháinig as an gcogadh eacnamaíoch ach laghdú beag ar an spleáchas ar mhargadh na Breataine, ar lena linn a bhíothas in ann forbairt mheasartha a dhéanamh ar thionscal agus talmhaíocht na hÉireann bunaithe ar ionadú allmhairí agus ar idirghabháil rialtais. Ar deireadh, cuireadh daoine faoi mhíbhuntáiste, agus onnmhairí beostoic, ar áireamh sa bheartas sóisialta. Cé gurbh í an earnáil ba mhó í, ní raibh an beartas eacnamaíoch ar an bpríomhábhar plé inti a thuilleadh.

Leis an gcogadh eacnamaíoch, cothaíodh braistint aontachta náisiúnta in aghaidh na Breataine, cé go ndeachaigh sé sin chun fíordhochair d'fheirmeoirí móra agus do roinnt gnólachtaí trádála idirnáisiúnta. Tháinig méadú ar phraghsanna tomhaltóirí, agus chuaigh an dífhostaíocht agus an eisimirce in airde go mór ón mbliain 1932 i leith. Níor éirigh leis an neamhthuilleamaíocht sa talmhaíocht agus leis an gcaomhnaitheacht sa tionsclaíocht ach amháin go dtí go raibh an margadh intíre sáithithe, agus ansin tháinig stad orthu sin. Ba ann fós do spleáchas na hÉireann ar an mBreatain mar mhargadh onnmhairiúcháin agus mar cheann scríbe eisimirce.

Tharraingíodh P. J. Fogarty ceisteanna anuas go tráthrialta maidir le hathdháileadh tailte féaraigh i bhFine Gall thuaidh, toisc go raibh ceist na talún fós ina cúis choitianta do pholaiteoirí chun caipiteal polaitiúil a dhéanamh agus chun buntáiste toghchánach a fháil. Sa bhliain 1938, ina cháil mar chathaoirleach ar Choimisinéirí Baile Bhaile Brigín, mhol sé go gcuirfeadh an eagraíocht sin deireadh léi féin agus go n-aistreofaí a freagrachtaí uile chuig Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath chun airgead a shábháil.

### Aerfort Bhaile Átha Cliath

I mí Eanáir 1937, cuireadh tús le haerfort nua a thógáil ag iarláithreán an Aerfhórsa Ríoga i mBaile Choilín, gar do Shord. Measadh go gcosnódh sé £150,000 agus go bhfostódh sé thart ar 500 fear thar ocht mí dhéag. Thug an rialtas leath an chistiúcháin, agus thug Bardas Bhaile Átha Cliath (38.5%) agus Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath an chuid eile. Ó thús, bhí fadhbanna caidrimh thionsclaíoch ann, agus ráflaí ag dul thart go raibh fir áitiúla a bhí fostaithe le haghaidh obair réitigh talún a dhéanamh ag fáil pá ró-íseal a bhí cothrom le 29s. sa tseachtain. Faoi mhí na Bealtaine, chuir stailc stop leis na hoibreacha. Tháinig an stailc chun deiridh nuair a athfhostaíodh na fir ag 42s sa tseachtain tar éis do Chomhairle Chontae Bhaile Átha Cliath a bhagairt a ranníocaíocht a choinneáil siar. Ní raibh mórán le cailleadh ag na comhairleoirí toisc gur bhain an obair aerfoirt a n-oibrithe feirme de roinnt díobh agus go raibh na híocóirí rátaí ag íoc as an gcúnamh dífhostaíochta do na fir a bhí ar stailc. Bhí tuilleadh cur isteach ann nuair a dhiúltaigh ceardaithe ceardchumainn d'obair leis na hoibrithe áitiúla neamh-cheardchumainn.

Toghadh P. J. Fogarty agus Gerard McGowan (Páirtí an Lucht Oibre) in olltoghchán na bliana 1937, in ionad Patrick Belton, i ndáilcheantar nach raibh ach cúig shuíochán aige anois. Bhuaigh an tUas. Belton a shuíochán ar ais i dtoghchán tobann na bliana 1938. Thug an tUas. McGowan rabhadh sa Dáil faoi fhadhbanna tionsclaíocha nuair a bheadh an obair réitigh láithreáin críochnaithe, agus luaigh sé gearáin a bhí ag teacht chun cinn arís agus arís eile maidir le 'blasanna Chorcaí agus Chiarraí' a bheith á gcloisteáil go minic ar an láithreán, agus é ag tarraingt aird ar an bhfíric gurbh é Teachta Dála ó Chorcaigh an rúnaí parlaiminte don roinn a bhí freagrach as an aerfort a thógáil. Nuair a thosaigh an príomhchonraitheoir, scaoileadh formhór na bhfear áitiúil chun bealaigh.

Cé gurbh fhorbairt dhearfach í tógáil an aerfoirt, bhí a lán dúshlán ag baint léi i margadh saothair dúnta dheireadh na 1930idí. Seachas deiseanna fostaíochta amach anseo, bhain an gharchomharsanacht leas as bonneagar a bhí nasctha leis an aerfort, lenar áiríodh uasghráduithe bóithre agus scéimeanna uisce.



**Ag leagan na bhfód móna don rúidbhealach féir ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, 1936**

Le caoinchead ó Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath




**Aerfort Bhaile Átha Cliath, 1930idí**

Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall.

## Staidéar Áitiúil agus Cartlainne Fhine Gall

Bailíonn, caomhnaíonn agus cuireann Staidéar Áitiúil agus Cartlainne Fhine Gall taifid stairiúla a bhaineann le Fine Gall agus Baile Átha Cliath go ginearálta ar fail. Is acmhainn thábhachtach iad na bailiúcháin chun staidéar a dhéanamh ar stair áitiúil ina bhfuil grianghraif, cártaí poist, earraí inbhailithe, léarscáileanna, saothar ealaíne agus bailiúchán mór clóite de leabhair staire áitiúla, tréimhseacháin, eolairí agus leabhair tagartha.

Tá taifid sa Chartlann ar rialtais áitiúil i gContae Bhaile Átha Cliath ó 1775 go dtí an lá atá inniu ann mar aon le páipéir éagsúla príobháideacha agus eastáit. Tá an tseirbhís ar fáil d'aon duine a bhfuil suim acu i stair áitiúil, sóisialta nó teaghlaigh. Tá fáilte roimh gach taighdeoir agus is féidir ceisteanna a chur ar an nguthán, sa phost nó ar ríomhphost.

**Seoladh:**
46 An tSráid Thuaidh, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath, K67 F6Y3

**Déan teagmháil le:**
archives@fingal.ie / local.studies@fingal.ie / (01) 8704486

**Uaireanta Oscailte (le coinne):**
Luan go hAoine, 10rn-1in, 2rn-5in



**Fothrach Teach na mBocht Bhaile an Ridire.**
Bailiúchán Benton/Curtis. Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall.